AP9.6T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2005*

# Speisialú Gairmiúil –
# Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide

## Tástáil ar Inniúlacht Phraiticiúil agus Scrúdú Scríofa
## (400 marc)

***Don Fheitheoir amháin***

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

Dé Céadaoin, 25 Bealtaine 2005
Maidin 10.00 go dtí 12.00

***Treoracha Ginearálta***

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa spás seo.

| |
|---|
| |

2. Scríobh do chuid freagraí sa bhfreagarleabhar seo.

3. Bí cinnte go seolann tú ar ais do chuid asphriontaí go léir leis an bhfreagarleabhar seo.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO.

*Roinn 1:* **Teoiric Ghinearálta**
*Roinn 2:* **Próiseáil Focal**
*Roinn 3:* **Modúil Roghnacha**

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Iomláin chnuasaithe na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc fo-iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| **ROINN** | | **MARC** |
|---|---|---|
| **Roinn 1** | | |
| **Roinn 2** | | |
| | **Modúl 2** | |
| | **Modúl 3** | |
| | **Modúl 4** | |
| | **Modúl 5** | |
| | **Modúl 6** | |
| **FO-IOMLÁN** | | |
| **BÓNAS** | | |
| **IOMLÁN** | | |

## *Roinn 1* - **Teoiric Ghinearálta - Ceisteanna** **(80 marc)**

## Freagair gach ceann de na 10 gceist sna spásanna atá ann chuige.

**1.** Ainmnigh dhá *ghléas aschurtha* ríomhaire.

(a) ______________________________________

(b) ______________________________________

**2.** Mínigh na téarmaí *crua-earraí* agus *bogearraí*. Luaigh sampla de gach ceann.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**3.** Cad dó a seasann gach ceann díobh seo a leanas?

(a) ROM______________________________________

(b) VDU______________________________________

**4.** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar gléas stórála é?

| | |
|---|---|
| Windows | DVD |
| Microsoft Word | Luchóg |

______________________________________

**5.** I dtéarmaí ríomhaireachta, ainmnigh dhá *fheidhm fódóireachta* choitianta.

(a) ______________________________________

(b) ______________________________________

**6.** Liostaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le líonra riomhairí.

(a) ____________________________________

(b) ______________________________________

**7.** Cé acu ceann de na tascanna seo a leanas is oiriúnaí do phróiseálaí focal?

| | |
|---|---|
| Uimhreacha a ríomh | Pictiúr a tharraingt |
| C.V. a chlóbhualadh | Comhaid a chosaint |

_______________________________________

**8.** Cén cineál printéara a bhfuil cur síos anseo air?

"Bain amach an cartús dúigh as a mhála cosanta. Ansin, bain an séala téipe den chartús. Feistigh an cartús dúigh go socair sa choinneálaí cartúis."

_______________________________________

**9.** Tá ríomhaire á cheannach agat agus feiceann tú an fógra seo a leanas i nuachtán. Cad dó a seasann gach ceann de na téarmaí folínithe?

Tairiscint Speisialta PC

Monatóir Scáileáin Comhréidh 17"
Tiomántán crua 80 Gb
512 **Mb** **RAM**
Comhthiomántán DVD agus scríobhaí CD
Próiseálaí 2.26 GHz
Printéir 300 **dpi**

(a) **Mb** _______________________________________

(b) **RAM** _______________________________________

(c) **dpi** _______________________________________

**10**. Liostaigh dhá cheist slándála a bhaineann leis an nGréasán Domhanda a úsáid.

(a) _______________________________________

(b) _______________________________________

## *Roinn 2* - **Modúl 1: Próiseáil Focal** **(80 marc)**

Tá dhá cheist sa roinn seo den scrúdú.
**Freagair an dá cheist.**

### 11. An Teoiric Phróiseála Focal (10 marc)

(a) Mínigh an difríocht idir spásáil aon líne agus spásáil dhá líne.

(b) Mínigh na téarmaí seo a leanas.

**Fáisc-ealaín**

**Ceanntásc**

## 12. An Tasc Praiticiúil Phróiseála Focal (70 marc)

Tugadh duit comhad próiseáil focal ar dhiosca dar teideal **SCIÁIL**.

(a) Oscail an comhad seo agus déan na leasuithe a thaispeántar ar **leathanach 6** den pháipéar seo.

(b) Clóscríobh d'uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid, faoi mar a thaispeántar ar **leathanach 6**.

(c) Ag bun an doiciméid agat, cuir isteach an téacs atá sa bhosca thíos, agus bí cinnte go ndéanann tú formáidiú air de réir mar a thaispeántar.

| |
|---|
| Sula dtéann tú ag sciáil, ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i do mhála droma:<br>• Sciath ghréine<br>• Uisce i mbuidéal <u>sceithdhíonaithe</u><br>• Feisteas báistí agus cóta <u>breise</u><br>• Péire breise stocaí <u>olla</u> |

(d) Sábháil an comhad mar **SCIÁIL1** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

(Uimhir Scrúdaithe)

(Saoire Sciála) Láirnaigh, Clō trom, 16 pt

Tar éis lá sciála iarr ar an concierge coinne a dhéanamh duine de na teiripithe suathaireachta ar an bhfoireann. Más maith leat, ceap do shuaimhneas san uaimh ghaile againn, nó i gceann de na 5 thobán te againn. Bíonn na tobáin te faoin aer ar siúl againn i gcaitheamh na bliana ar fad. le

cúig

Rith ar aghaidh

Bí inár dteannta don bhricfeasta, lón, agus dinnéar. Bain taitneamh as an radharc neamhthruaillithe ón seomra bia againn ar Shliabh na Mianraí agus tú ag baint taitneamh as do bhéile. Chruthaigh ár bpríomh-mháistirchócaire, Suki Black, na réamhchúrsaí ar fad trí mhiasa na Fraince a mheascadh le cuisine na mbuachaillí bó. Cé a chreidfeadh go mbeadh na gártha molta bainte as criticeoirí bia ar fud an domhain ag a leithéid de phósadh? Suzi

alt nua

#

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as do chuairt. má tá ceist ar bith agat, nó iarratas ar bith, tá saorchead agat ceist a chur ag an deasc fáilte. Táimid anseo chun freastal ort! CAPS

bog

Más maith leat, is féidir freastalaí pearsanta a bheith agat chun friotháil ort i gcompord do sheomraí féin. Ná déan dearmad an veidhleadóir a iarraidh don dinnéar.

* Spásáil dhá líne tríd síos

* Comhfhadaigh corp an téacs go hiomlán

## *Roinn 3* - **Modúil Roghnacha** **(240 marc)**

---

Tá **cúig** mhodúl sa roinn seo den scrúdú.
Críochnaigh **trí** cinn ar bith de na modúil seo.
Tá na modúil uile ar cómharc.

---

## Modúl 2: Scarbhileoga (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 13. Teoiric na Scarbhileog (10 marc)

(a) Ar scarbhileoga, cén réimse de chill a mbogfaidh luach chuige go huathoibríoch?

| | | |
|---|---|---|
| Clé | Deas | Lár |

______________________________

(b) Ainmnigh dhá thasc atá an-oiriúnach do scarbhileoga.

(1) ______________________________________________

(2) ______________________________________________

## 14. An Tasc Praiticiúil Scarbhileoige (70 marc)

(a) Leag amach scarbhileog de réir na gceannteideal a thugtar thíos.

(b) Iontráil na sonraí, ailínithe agus formáidithe, de réir mar a thaispeántar. Déan coigeartú ar leithead na gcolún de réir mar is gá.

| | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Ainm Páirte** | **Cainníocht** | **Praghas Aonaid** | **Costas** |
| 2 | Spréachphlocóid | 4 | 12.99 | |
| 3 | Ola | 1 | 25.29 | |
| 4 | Aerscagaire | 1 | 14.65 | |
| 5 | Pillín coscáin | 4 | 9.48 | |
| 6 | Scagaire ola | 1 | 7.95 | |
| 7 | Lann chuimilteora | 2 | 6.24 | |
| 8 | Lacht Glantacháin Gaothscátha | 1 | 9.75 | |
| 9 | Molchaidhp | 2 | 25.00 | |
| 10 | | | **Costas Iomlán** | |
| 11 | | | **Lascaine** | 25.00 |
| 12 | | | **Costas Glan** | |
| 13 | **Uimhir Scrúdaithe** | | | |

(c) Ríomh an **Costas** ar gach mír tríd an **Chainníocht** a mhéadú faoin b**Praghas Aonaid**. Ba chóir é seo a thaispeáint sa cholún **Costas**.

(d) (1) Bain úsáid as foirmle oiriúnach, i gcill D10, chun an **Costas Iomlán** do na míreanna ar fad a ríomh.

(2) Scríobh an fhoirmle a d'úsáid tú in D10 ar an líne seo: ________________________

(e) Ceadaítear lascaine €25.00. Ríomh an **Costas Glan** tríd an **Lascaine** a dhealú ón **gCostas Iomlán**.

(f) Bain úsáid as formáid an airgeadra (m.sh. €200.00) sna cealla ar fad a bhfuil suimeanna airgid iontu.

(g) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe i gcill B13.

(h) Tóg colún-chairt chun an **Costas** ar gach **Ainm Páirte** a thaispeáint. Ba chóir eochair eolais a bheith ag an gcairt agus cuir lipéad ar gach ais.

(i) Cuir isteach d'Uimhir Scrúdaithe mar theideal na cairte.

(j) Sábháil an comhad mar **PÁIRTEANNA**.

(k) Priontáil cóip amháin den scarbhileog agus den chairt araon.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais na hasphriontaí le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Modúl 3: Bunachair Sonraí (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 15. Teoiric na mBunachar Sonraí (10 marc)

(a) Mínigh an cineál sonraí ar a dtugtar *loighciúil*.

___

___

___

(b) Déan staidéar ar an mbunachar sonraí thíos.

| **Suíomh** | **Fad** | **Lóistín** |
|---|---|---|
| Clár | 80 | Tá |
| Corcaigh | 153 | Níl |
| Gaillimh | 94 | Tá |

Cén réimse trína sórtáltar an bunachar sonraí seo?

___

## 16. An Tasc Praiticiúil Bunachar Sonraí (70 marc)

Tugadh duit comhad bunachar sonraí ar dhiosca dar teideal **CÍOSUIRLIS**.

(a) Oscail an comhad seo.

(b) Cuir na taifid seo a leanas leis an mbunachar sonraí.

| UimhID | Mír | LíonSeachtainí | Praghas(€) | ArCíos |
|---|---|---|---|---|
| 7 | Miontochailteoir | 1 | 145.00 | 07/04/05 |
| 8 | Gunna Tairneála | 2 | 48.00 | 12/04/05 |
| 9 | Comhbhrúiteoir | 1 | 70.00 | 05/04/05 |
| 10 | Canna Spréála | 3 | 12.00 | 17/05/05 |

(c) Tá cinneadh déanta ag an siopa uirlisí ar cíos éirí as *Lomairí Faiche* a ligean amach. Scrios an taifead seo den bhunachar.

(d) Tá **Praghas(€)** *Sábh Ciorclach* ardaithe go dtí 58.00. Tá **LíonSeachtainí** ardaithe go dtí 4. Leasaigh an bunachar chun na hathruithe seo a léiriú.

(e) Sórtáil an bunachar sonraí in ord *ardaitheach* de réir gach **Mír**.

(f) Agus na leasuithe thuas curtha i bhfeidhm, priontáil an bunachar sonraí. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir ar an asphrionta seo.

(g) Roghnaigh taifid na míreanna uile a bhfuil an **Praghas(€)** níos mó ná 50.00. Sórtáil iad seo de réir **ArCíos** in ord *íslitheach* agus priontáil iad. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir ar an asphrionta seo.

(h) Sábháil an comhad/iarratas seo mar **PRAGHAS**.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais na hasphriontaí le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Modúl 4: Deascfhoilsitheoireacht (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 17. Teoiric na Deascfhoilsitheoireachta (10 marc)

(a) Ainmnigh dhá *mháisiú téacs* is féidir a úsáid i nDeascfhoilsitheoireacht.

(1)________________________________________

(2)________________________________________

(b) Tarraingíonn an uirlis líníochta dronuilleoga. Ainmnigh dhá chruth eile is féidir léi a tharraingt.

(1) ________________________________________

(2) ________________________________________

## 18. An Tasc Praiticiúil Deascfhoilsitheoireachta (70 marc)

Tugadh duit comhad téacs ar dhiosca dar teideal **LÚNASA** agus píosa fáisc-ealaíne dar teideal **CEOL**.

(a) Bain úsáid as an téacs agus as an bhfáisc-ealaín ar do dhiosca chun an doiciméad a thaispeántar ar **leathanach 13** a chruthú (seans nach mbeidh an fháisc-ealaín ar do dhiosca ar aon dul leis an gceann a thaispeántar anseo). Cuir an leagan amach céanna air agus a thugtar anseo.

(b) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ar an imeall clé ag barr an doiciméid mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(c) Déan formáidiú ar an gceannlíne agus bain úsáid as cló Arial (lárnaithe, méid 28 pt, cló trom).

(d) Ba chóir go mbeadh imeall ar an gceannteideal agus ba chóir go mbeadh sé scáthaithe mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(e) Lárnaigh agus cuir cló trom ar an téacs *Áirithintí Luatha!* Tarraing na cruthanna timpeall ar an téacs mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(f) Cuir isteach an fháisc-ealaín san ionad a thaispeántar agus athraigh a méid go dtí tuairim is an méid a thaispeántar. Deimhnigh go ndéantar an téacs a thimfhilleadh ar an bhfáisc-ealaín.

(g) Cuir cló trom ar na fo-cheannteidil agus méadaigh an cló atá orthu mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(h) Méadaigh cló chorp an téacs chun an dá cholún a líonadh mar a thaispeántar ar **leathanach 13**.

(i) Scáthaigh agus cuir imill timpeall ar an alt *Draíocht* mar a thaispeántar.

(j) Sábháil an doiciméad mar **SAMHRADH** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú ar ais an t-asphrionta le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

# Seónna Samhraidh




Téanaigí, téanaigí! Tá seó breá siamsaíochta oíche againn do mhí Lúnasa. Beidh dhá choirm cheoil, dráma, oíche ghrinn agus seó draíochta againn san Aimfitéatar. Féach ár sceideal do thráthanna agus dhátaí. Ná caill an chraic!

## Ceol



Déanfaidh an giotáraí aonair, Donna Funk, liobar díobh lena ceol nua-aoise bosbhuailte agus a cuid cóiriúchán ar cheol traidisiúnta na hÉireann. Tá an t-ádh linn í a bheith ar ais in Ionad Saoire Shléibhte Choill na Loch agus í ar a camchuairt Oráiste Fluaraiseach. Tá Zazaí agus na Jazzairí Fliptown ar an gclár, agus é ar intinn acu tú a chur ag swingeáil lena ruthaig rince mórbhanna agus luascaidh.

## Amharclann

Cuirfidh an Bronx Theatre Company an dráma grinn iomráiteach 'Rumours' le Reed Koch ar stáitse. Geallaimid na mílte gáire daoibh nuair a thugann foireann an Bhronx sibh i lár tranglaim agus fuadair an Big Apple.

## Greann

Is é an Déardaoin oíche an gháire! Cuirfidh Jane Jamison, an lámhchleasaí greannmhar, Lennie Zuvela aisteach, Karl Kennedy, an fear a dhéanann ceap magaidh den pholaitíocht, agus ar deireadh thiar agus gan é ró-ard ach oiread, Rob Young, an t-ógánach gleoite greannmhar, sna trithí sibh.

## Draíocht

Ná caill an seó seo! Beidh Matthew Gambardella, máistir na gcleas, i láthair chun seó a dhéanamh lena bheartaíocht láimhe. Tá breis is fiche bliain taithí aige agus déanfaidh sé cleasa cártaí, fuasclóidh sé coiníní as hataí agus déanfaidh sé dreas hiopnóise.

## Modúl 5: An tIdirlíon (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

### 19. Teoiric an Idirlín (10 marc)

(a) Luaigh dhá bhuntaiste atá ag ríomhphost ar an ngnáthphost (seoladh seilmide).

(1) ______________________________

______________________________

(2) ______________________________

______________________________

(b) Cad is *líonra achair logánta* ann (LAN)?

______________________________

______________________________

______________________________

## 20. Na Tascanna Praiticiúla Idirlín (70 marc)

**TASC 1**

(a) Logáil isteach ar an Idirlíon.

(b) Oscail **ceann amháin** de na suíomhanna seo a leanas.

- www.carlow.ie
- www.clare.ie
- www.kildare.ie
- www.monaghan.ie

(c) Aimsigh leathanach a thugann eolas ar *leabharlanna* nó ar *sheirbhísí leabharlainne*.

(d) Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **LEABHARLANN**. Priontáil an **chéad** leathanach ar eolas leabharlainne. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe ar an asphrionta.

**TASC 2**

(a) Bain úsáid as inneall cuardaigh ar bith chun teacht ar leathanach gréasáin a thugann eolas ar chúrsaí iascaigh i nGaillimh.

(b) Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **GAILLIMH**. Priontáil an **chéad** leathanach. Bí cinnte go scríobhann tú d'Uimhir Scrúdaithe ar an asphrionta.

**TASC 3**

(a) Oscail do chlár ríomhphoist agus cum an teachtaireacht ríomhphoist seo a leanas chuig an seoladh a thugtar ar an bhfoirm **RP1**.

(b) Seol Cóip Charbóin (CC) chuig do sheoladh ríomhphoist féin.

(c) Is é ábhar an ríomhphoist ná *Díospóireacht*.

(d) Is é seo téacs an ríomhphoist:

**A Mháire,**
**Beidh áthas orm freastal ar an díospóireacht Dé Luain seo chugainn. Is iad Gearóid, Frank agus Olivia atá ar m'fhoireann.**

**Sínithe: (d'Uimhir Scrúdaithe)**

(e) Seol an ríomhphost.

(f) Oscail an ríomhphost a sheol tú chugat féin agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú na trí asphrionta ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

# Modúl 6: Iontráil Téacs (80 marc)

Tá dhá cheist sa mhodúl seo.
**Freagair an dá cheist.**

## 21. An Teoiric Iontrála Téacs (10 marc)

Tá ar a laghad 10 n-earráid sa sliocht seo a leanas. Tá earráidí litrithe, poncaíochta agus leagan amach ina measc. Déan léamh profaí ar an doiciméad agus marcáil na hearráidí le do pheann.

Cad í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach?
Clár dhá bhliain is ea an Ardteistiméireacht Fheidheach atá dírithe ar mhic léinn a a ullmhú don saol oibre agus do shaol an duine fásta. Cuireann an clár béim ar ghnóthachtáil agus ar bharr feabhais, Nach bhfuil aitheanta ag an Ardteistiméireacht bhunaithe san am ATÁ caite.

Cén fáth ar tugadh isteach an Ardteistiméireacht Fheidhmeach?
Tugadh isteach an Ardteistiméireacht Fheidhmeach chun aitheantas a thabhairt na buanna atáá ag gach mac léinn. Clárr nuálaíoch atá ann sa bhealach ina bhfoghlaimíonn na mic léinn, sna hábhair a fhoghlaimíonn siad agus sa bhealach ina ndéantar measúnú ar a gcuid gnóthachtála

Cé hiad is mó a ndéanfadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a leas
tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ceaptha freastal ar riachtanais na mac léinn sin nach bhfreastalaíonn cláir eile na hArdteistiméireachta go sásúil rthu agus a roghnaíonn gan dul le cláir dá leithéid.

## 22. Na Tascanna Praiticiúla Iontrála Téacs (70 marc)

### TASC 1 Tástáil Iontráil Sonraí

(a) Clóscríobh d’Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid.

(b) Clóscríobh an sliocht seo a leanas le spásáil dhá líne.

(c) Déan formáidiú ar an téacs mar a thaispeántar thíos.

(d) Sábháil é ar do dhiosca scrúdaithe mar **BAILENUA** agus priontáil cóip amháin.

(Uimhir Scrúdaithe)

**AR DÍOL**

Tá *Cois na Móna* lonnaithe ar láthair a bhfuil a haghaidh ó dheas le fána agus tá ocht gcinn déag de thithe cathrach dhá stór ann ar imeall shráidbhaile an Bhaile Nua. Tá achar 180 $m^2$ cearnach i ngach teach agus na tithe os cionn an chalaidh. É faoi bhun 10 km ó lár na cathrach, agus seirbhísí rialta busanna agus traenacha chuige, tá pobal an Bhaile Nua sároiriúnach do dhaoine single, do theaghlaigh, agus do dhaoine ar a bpinsean.

Ar na háiseanna áitiúla ann tá leabharlann, scoil, clós súgartha do pháistí, agus bialanna bia mara den scoth. Ar na háiseanna spóirt ann tá club leadóige, galfchúrsa, agus ionad spóirt uisce. Tá dearadh den <u>scoth</u> ar na tithe, agus iad geal, fairsing taobh istigh, agus gairdíní príobháideacha, tírdhreachta, leo.

Thíos staighre, tá halla isteach sa teach, seomra suí, cistin, seomra áise, agus w.c. do chuairteoirí. Thuas staighre tá 3 sheomra leapa agus seomra folcaidh. Tá cithfholcadh en suite sa phríomhsheomra leapa.

Praghsanna ó €250,000.

**Bí cinnte go seolann tú an t-asphrionta ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

**TASC 2 Ag Cruthú Biachláir**

Iarradh ort biachlár dinnéir oíche a dhéanamh agus na sonraí agus an fhormáid seo a leanas agat.

(a) Clóscríobh d'Uimhir Scrúdaithe ag an imeall clé ag barr an doiciméid.

(b) Clóscríobh an biachlár mar a thaispeántar thíos.

---

Uimhir Scrúdaithe

**Bistro Scíth an Taistealaí**

25 Bealtaine 2005

Biachlár Dinnéir
Sailéad suaite Sicín Deataithe agus Blastán
Ding de Mhealbhacán Fuaraithe

*.*.*.*

Caoldroim Rósta de Scothmhairteoil na hÉireann
Filléad Bradáin Bácáilte san Oigheann
Lasagne Veigeatóirí

*.*.*.*

Císte Cáise Líomóide
Rogha de Mhilseoga an Chócaire

*.*.*.*

Tae nó Caife Nuadhéanta
Miontanna Éagsúla

*.*.*.*

Praghas €22.95

---

(c) Roghnaigh clónna, spásáil, breisiú téacs, etc., chun leagan amach tarraingteach a dhéanamh ar aon leathanach A4 amháin.

(d) Cuir imeall ar an mbiachlár le stíl oiriúnach.

(e) Sábháil an comhad mar **BIACHLÁR** agus priontáil cóip amháin.

**Bí cinnte go seolann tú an t-asphrionta ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

[redacted]

